léargas

eTwinning

Co-funded by the European Union

# eTwinning
# Bí Cineálta

**LEIBHÉAL:** Tosaitheoir

**AOIS:** 9 - 12 (meán- agus ardranganna bunscoile)

**FAD AMA:** 1 -2 mhí



## Cén fáth a n-úsáidfeá an trealamh seo sa phróiseas Bí Cineálta:

- Tabharfaidh daltaí agus múinteoirí faoi iniúchadh a dhéanamh ar a bpolasaí nua Bí Cineálta ag leibhéal atá oiriúnach do pháistí
- Músclóidh feasacht faoi bhulaíocht agus na héifeachtaí a ghabhann léi sna daltaí, is é sin, an rud atá i gceist le bulaíocht agus an rud nach bhfuil i gceist le bulaíocht
- Spreagfar rannpháirtíocht na ndaltaí agus na dtuismitheoirí i dtionscnaimh frithbhulaíochta chomh maith le rannpháirtíocht agus tuiscint ar an mbeartas nua Bí Cineálta de chuid na scoileanna
- Cuirfear modhanna idirghníomhacha agus cruthaitheacha i bhfeidhm chun dul i ngleic le bulaíocht

**Naisc le Curaclam na hÉireann: OSPS, Tíreolaíocht, Béarla, Ealaín, Curaclam Teanga na Bunscoile**

**Is féidir na tascanna ar fad a dhéanamh go neamhspleách nó mar chur chuige uile-bhliana chun an beartas Bí Cineálta a thabhairt isteach agus a chur i bhfeidhm i do scoil.**



eTWINNING - BÍ CINEÁLTA (BE KIND)

## Príomhghníomhaíochtaí tionscadail*:

*Is féidir tascanna a roghnú de réir mar is gá agus iad a chur in oiriúint chun freastal ar riachtanais na ndaltaí agus ar thaithí na múinteoirí atá rannpháirteach. Féadfaidh na scoileanna comhpháirtíochta fad an tionscadail a chinneadh.

### Tascanna
:

| TASC | GNÍOMHAÍOCHT | UIRLIS A ÚSÁIDTEAR |
|---|---|---|
| **Gníomhaíocht tosaigh** | Cláróidh na múinteoirí tionscadal agus cruthóidh siad é sula gcuireann An scoil tús leis. Bheadh sé úsáideach dul i gcomhpháirtíocht le scoil eile in Éirinn i dtosach*<br><br>***Tá sé i gceist go mbeadh a bpolasaí Bí Cineálta i bhfeidhm ag scoileanna sula dtosóidís ar an tionscadal ach níl sé riachtanach*** | eTwinning ar an Ardán Eorpach um Oideachas Scoile<br><br>Déan teagmháil le Léargas chun cabhair a fháil chun an tionscadal a chur ar bun más gá nó féach ar ár bhfíseáin tacaíochta. |
| **Tasc 1: Tíreolaíocht**<br><br>**Cur in aithne na scoileanna** | Cruthóidh gach rang míreanna mearaí dá ngrianghraf ranga a roinnfear ar TwinSpace agus a súgróidh an scoil chomhpháirtíochta leis | Pláinéad na míreanna mearaí<br><br>Leabaigh ar an TwinSpace |
| | Aimseoidh na daltaí a scoil chomhpháirtíochta san atlas. Féachfaidh siad air ar Google Maps freisin. | Google Maps |
| | Cruthóidh na múinteoirí ZeeMap agus cuirfidh siad scoileanna leis. | ZeeMaps<br><br>Leabaigh an léarscáil ar an TwinSpace |
| **Tasc 2: OSPS**<br><br>**Eispéiris Bhulaíochta** | Cruthóidh na múinteoirí Menti agus fiafróidh siad de na daltaí:<br><br>"Cad atá i gceist le bulaíocht?"<br><br>"Cad **nach bhfuil** i gceist le bulaíocht?"<br><br>Pléifear na freagraí agus soiléireofar sa rang iad | Cruthaigh Mentimeter leis an gceist agus roghnaigh an rogha néal focal le haghaidh gach ceiste.<br><br>Is féidir néalta focal a uaslódáil chuig an TwinSpace agus is féidir le scoileanna comhpháirtíochta freagraí na scoile eile a fheiceáil agus a phlé |
| **Tasc 3: OSPS** | Roinnfidh na daltaí eispéiris bhulaíochta gan ainmneacha a luadh ar Padlet agus roinnfidh na múinteoirí i scoileanna comhpháirtíochta malartacha iad seo leis na ranganna<br><br>Is féidir leis na múinteoirí phlé a dhéanamh ar chásanna agus a ndéanfadh na daltaí sna cásanna seo.<br><br>Pléifidh na múinteoirí an t - eispéireas a d'uaslódáil scoil chomhpháirtíochta*<br><br>***Tá sé níos éasca do na daltaí muran eispéireas pearsanta dá gcuid féin é.*** | Is féidir Padlet a leabú ar TwinSpace<br><br>(Is féidir le daltaí cur le Padlet ag baint úsáide iPad agus cód QR) |

| | | |
|---|---|---|
| **Tasc 4: OSPS & Drámaíocht** | Pléifidh na múinteoirí agus daltaí na cásanna seo leis na ranganna agus léireoidh na daltaí trí aisteoireacht conas a d'fhéadfaidís déileáil leo.<br><br>Déanfaidh na daltaí iad féin a thaifeadadh agus iad ag léiriú na gcásanna seo.<br><br>De rogha air sin, d'fhéadfadh daltaí íomhánna socra a chruthú le boilgeoga cainte faoi rudaí a d'fhéadfaidís a dhéanamh nó a rá | Comhroinn físeáin ar Padlet nua agus leabaigh ar TwinSpace iad<br><br>Comhroinn íomhánna i Padlet<br><br>Úsáid Book Creator chun íomhánna agus boilgeoga cainte a shábháil ó gach scoil chomhpháirtíochta chun leabhar frithbhulaíochta comhoibritheach a chruthú |
| **Tasc 5: Gaeilge (scríobh)** | Scríobh dánta frithbhulaíochta nó forbair stiallchartúin ghrinn atá bunaithe ar mholtaí ó scoileanna comhpháirtíochta (féach thíos)<br><br>Is féidir leis an múinteoir tobsmaointeoireacht a dhéanamh ar eochairfhocail ar an gclár (Samplaí: Stad, Imigh leat, Inis) | Bain úsáid as Book Creator nó Canva chun comhthiomsú a dhéanamh.<br>(Is féidir leat grianghraf a thógáil d'obair na bpáistí agus é a chur isteach mar íomhánna.)<br><br>Mentimeter<br>Cruthaigh eochairfhocail i néal focal<br>Leabaigh ar TwinSpace é |
| **Tasc Roghnach: Gaeilge (léamh)** | Léigh agus pléigh pictiúrleabhar ranga nó úrscéal faoi bhulaíocht, comhbhá agus cineáltas.<br><br>Is féidir leis na daltaí a gcuid freagraí ar an téacs a tharraingt<br><br>Is féidir leis na scoileanna comhpháirtíochta an leabhar céanna a roghnú agus plé idir na daltaí a éascú laistigh de TwinSpace ag baint úsáide as ceisteanna fócais<br><br>Cruthóidh na múinteoirí cluiche idirghníomhach simplí atá bunaithe ar an leabhar chun tuiscint na bpáistí a mheas | Is féidir leis na daltaí a gcuid freagraí ar an téacs a tharraing<br><br>Bain úsáid as fóram TwinSpace do dhaltaí ó gach scoil chomhpháirtíochta chun na leabhair a phlé<br><br>Cuntas Wordwall saor in aisce<br>Is féidir le gach scoil chomhpháirtíochta cluiche a chéile a imirt |

## Measúnú:

- Is féidir suirbhé a dhéanamh atá bunaithe ar dhearcadh na ndaltaí maidir le bulaíocht trí úsáid a bhaint as pobal-bhreith ar TwinSpace nó Mentimeter.
- Is féidir le múinteoirí machnamh a dhéanamh ar obair agus ar thorthaí an tionscadail trí uirlis suirbhé ar líne. Is féidir é seo a leabú ar TwinSpace.

## Scaipeadh:

- Is féidir le múinteoirí rannpháirteacha obair thionscadail agus torthaí a chur i láthair ag cruinniú foirne.
- D'fhéadfaí nuachtlitir, blag nó postáil ar na meáin shóisialta a chruthú chun obair thionscadail a roinnt le tuismitheoirí agus le scoileanna áitiúla eile.
- D'fhéadfadh na daltaí an leabhar a rinneadh le Book Creator, cluichí agus póstaeir atá déanta acu a chur i láthair ranganna eile chun múineadh dóibh faoi fhrithbhulaíocht.
- Is féidir le múinteoirí torthaí tionscadail a roinnt trína leabharlann áitiúil nó trína nIonad Oideachais áitiúil.